Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6801/26**

**EF 51**
**ECOFIN 266**
**DELACT 39**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1021 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 23.2.2026 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a mhéid a bhaineann le liosta na sonraí is gá chun réamheolairí a aicmiú agus liosta na faisnéise is féidir a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí a thabhairt cothrom le dáta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1021 final.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2026
C(2026) 1021 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.2.2026**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a mhéid a bhaineann le liosta na sonraí is gá chun réamheolairí a aicmiú agus liosta na faisnéise is féidir a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí a thabhairt cothrom le dáta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an 'Rialachán maidir le Réamheolairí'), cruthaíodh sraith nua chomhchuibhithe rialacha a chuidíonn le cuideachtaí airgead a thiomsú ar mhargaí caipitil chun infheistíocht agus fás a dhéanamh. An tráth céanna, leis an Rialachán maidir le Réamheolairí, cuidítear le hinfheisteoirí cinntí níos eolasaí a dhéanamh. Leagtar síos leis an Rialachán na ceanglais maidir le réamheolaire a ullmhú, a fhormheas agus a fhoilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Doiciméad is ea réamheolaire ina gcuirtear faisnéis ar fáil faoi chuideachta agus faoi na hurrúis a thairgeann sí don phobal nó a bhféachann sí lena ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Fónann sé mar bhonn d'infheisteoirí chun cinneadh a dhéanamh maidir le hinfheistíocht a dhéanamh.

Leis an Rialachán maidir le Réamheolairí, ceadaítear d'eisitheoirí doiciméid ina bhfuil an fhaisnéis atá le nochtadh i réamheolaire a 'chorprú de réir tagairtí'[2], ar choinníoll gur foilsíodh na doiciméid sin go leictreonach cheana féin. Le corprú de réir tagairtí, éascaítear an nós imeachta maidir le réamheolaire a tharraingt suas agus laghdaítear na costais d'eisitheoirí agus cosaint infheisteoirí á coinneáil an tráth céanna.

Faoin Rialachán maidir le Réamheolairí, ceanglaítear ar údaráis inniúla náisiúnta, agus fógra á thabhairt acu don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi fhormheas réamheolairí nó forlíontaí gaolmhara, cóip leictreonach de na réamheolairí nó de na forlíontaí sin agus na sonraí is gá chun iad a aicmiú (meiteashonraí) a sholáthar do ESMA i gcóras stórála ESMA (an 'Clár Réamheolairí'). Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 ón gCoimisiún[3], lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Réamheolairí, sonraítear na sonraí maidir le haicmiú réamheolairí ('meiteashonraí') lena gcuirtear ar a chumas do ESMA an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) a leithéid de chóras stórála láraithe do réamheolairí a sholáthar, a chuirfeadh ar a gcumas don phobal rochtain saor in aisce agus saoráidí cuardaigh a fháil; agus (ii) an tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas ina mbeidh staidreamh maidir le réamheolairí agus anailís ar threochtaí chun meastóireachtaí amach anseo ar rialacha maidir le réamheolairí a éascú.

Le Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], rinneadh roinnt leasuithe ar an Rialachán maidir le Réamheolairí. Tá Rialachán 2024/2809 mar chuid den

---

1 Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1129/oj).

2 Féach Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2017/1129.

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le faisnéis airgeadais bhunriachtanach san achoimre ar réamheolaire, foilsiú agus aicmiú réamheolairí, fógraí le haghaidh urrús, forlíontaí ar réamheolaire, agus an tairseach fógartha, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 382/2014 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/301 ón gCoimisiún (IO L 166, 21.6.2019, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/979/oj).

4 Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2024/2809, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2809/oj).

Ghníomh um Liostú, tionscnamh a rinneadh le déanaí arb é is aidhm dó éiceachóras liostaithe a chruthú a fhágfaidh go mbeidh sé tarraingteach, inacmhainne agus fiúntach do chuideachtaí a n-urrúis a liostú ar mhargaí poiblí an Aontais. Leis na leasuithe, laghdaítear costais agus ualaí eisitheoirí agus déantar réamheolairí níos úsáidí d'infheisteoirí an tráth céanna. Go háirithe, i Rialachán (AE) 2024/2809: (i) rinneadh caighdeánú ar an bhformáid agus ar an seicheamh agus cuíchóiríodh ceanglais maidir le nochtadh le haghaidh réamheolairí; (ii) cuireadh teorainn le méid réamheolairí scaireanna trí uasteorainn leathanach a fhorchur; (ii) tugadh isteach díolúintí maidir le heisiúintí leantacha urrús ag cuideachtaí atá liostaithe cheana féin; (iv) comhchuibhíodh rialacha maidir le grinnscrúdú agus formheas na n-údarás inniúil náisiúnta i ndáil le réamheolairí; agus (v) ceadaíodh faisnéis airgeadais amach anseo a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí bunaidh[5]. Ina theannta sin, tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809 na cineálacha nua réamheolairí gearrfhoirme seo a leanas:

- Réamheolaire leantach AE: tá an cineál réamheolaire sin ceaptha le haghaidh tairiscintí poiblí nó ligean isteach chun trádála ag cuideachtaí ar ligeadh a n-urrúis isteach cheana chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna le 18 mí anuas ar a laghad. Ina theannta sin, is féidir le cuideachtaí atá liostaithe ar mhargadh fáis FBManna faoi láthair an Réamheolaire leantach AE a úsáid chun aistriú chuig margadh rialáilte.
- Réamheolaire eisiúna fáis AE: tá an cineál réamheolaire sin ceaptha go sonrach chun costais agus ualaí riaracháin a íoslaghdú do FBManna, do chuideachtaí atá liostaithe nó atá le liostú ar mhargaí fáis FBManna agus do thairiscintí poiblí áirithe urrús níos lú arna ndéanamh ag cuideachtaí neamhliostaithe.

Tá sé beartaithe an Réamheolaire leantach AE agus an Réamheolaire eisiúna fáis AE a chur in ionad an réamheolaire shimplithe atá ann cheana le haghaidh eisiúintí tánaisteacha agus an réamheolaire fáis AE.

Thairis sin, le Rialachán (AE) 2024/2809 bunaíodh crostagairtí do Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] ('Rialachán EuGB'). Leis na crostagairtí sin, déantar an méid seo a leanas: (i) ceanglaítear ar eisitheoirí Bannaí Glasa Eorpacha ('EuGBanna') bileog eolais EuGB a chorprú de réir tagairtí sa réamheolaire; agus (ii) ceanglaítear ar eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht na nochtaí roghnacha ábhartha a chuimsiú sa réamheolaire gaolmhar (ar choinníoll gur roghnaigh siad na nochtaí roghnacha sin).

Tá an Rialachán Tarmligthe seo bunaithe ar dhá thacar caighdeán teicniúil rialála arna bhforbairt ag ESMA. Tá sé d'aidhm ag na caighdeáin sin an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) liosta na meiteashonraí i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta chun é a ailíniú leis na hathruithe a tugadh isteach leis an nGníomh um Liostú (e.g. cineálacha nua réamheolairí); agus (ii) an raon feidhme chun faisnéis bhreise a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí a leathnú thar an méid a leagtar amach in Airteagal 19(1) den Rialachán maidir le Réamheolairí (e.g. doiciméid nochta réamheisiúna a chorprú le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht). Rinneadh an dá thacar caighdeán teicniúil rialála sin, atá fíor-

[5] Féach Airteagail 8 agus 19(1b) de Rialachán (AE) 2017/1129.

[6] Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).

riachtanach le haghaidh ailíniú le cuspóirí an Ghnímh um Liostú, a chomhdhlúthú in aon Rialachán Tarmligthe amháin ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979. Tá comhdhlúthú den sórt sin iomchuí toisc go mbaineann ábhar an dá chaighdeán theicniúla rialála leis na hathruithe is gá a dhéanamh ar an reachtaíocht dara leibhéal atá ann faoi láthair mar gheall ar raon feidhme leasaithe an Rialacháin maidir le Réamheolairí, i dtéarmaí na gcineálacha réamheolairí nó an chineáil faisnéise atá le cuimsiú iontu.

**1.1. Nuashonrú ar an liosta meiteashonraí le haghaidh aicmiú réamheolairí**

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, déantar athbhreithniú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 chun na meiteashonraí is gá a bhunú chun an réamheolaire leantach AE agus an Réamheolaire eisiúna fáis AE araon a aicmiú. An tráth céanna, baintear de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 sonraíocht na meiteashonraí a bhaineann leis an réamheolaire simplithe le haghaidh eisiúintí tánaisteacha agus leis an réamheolaire fáis AE (ní bheidh feidhm ag na réamheolairí sin a thuilleadh ón 5 Márta 2026 ar aghaidh). Ina theannta sin, féachtar leis an Rialachán Tarmligthe seo an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na meiteashonraí ábhartha a leagan amach chun réamheolairí a bhaineann le EuGBanna a aicmiú;
- na meiteashonraí ábhartha a leagan amach chun réamheolairí a bhaineann le bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht a aicmiú, a ndéanann a n-eisitheoirí nochtaí deonacha faoi Rialachán EuGB;
- na meiteashonraí ábhartha a leagan amach chun doiciméid a bhaineann leis na díolúintí nua (a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809) a aicmiú le haghaidh urrúis idirmhalartacha a thairiscint go poiblí nó a ligean isteach chun trádála. Tá sé beartaithe leis sin go n-éascófar an anailís agus an tuairisciú staidrimh a cheanglaítear faoi Airteagal 47(3) den Rialachán maidir le Réamheolairí i dtaca le húsáid na ndíolúintí san Aontas;
- na meiteashonraí is gá a sholáthar chun gur féidir na sonraí atá sa Chlár Réamheolairí a úsáid chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas trína gcuireann údaráis inniúla náisiúnta faisnéis faoi bhráid an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP), i gcomhréir le hAirteagal 21a den Rialachán maidir le Réamheolairí;
- meiteashonraí áirithe atá as dáta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le tuilleadh leasuithe a dhéanamh ar na sonraí meaisín-inléite ar féidir iad a thíolacadh is gá chun roinnt saincheisteanna beaga a shainaithin ESMA a réiteach.

**1.2. Nuashonrú ar an liosta faisnéise is féidir a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí**

Chun ualaí ar eisitheoirí a laghdú agus réamheolairí á n-ullmhú, agus i gcomhréir le cuspóirí an Ghnímh um Liostú, d’fhorbair ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, de bhun Airteagal 19(4) den Rialachán maidir le Réamheolairí. Nuashonraítear leo sin liosta na ndoiciméad a leagtar amach in Airteagal 19(1) den Rialachán sin le faisnéis bhreise is féidir a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí. Bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin, leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 leis an Rialachán Tarmligthe seo trí chaibidil nua a thabhairt isteach ina sonraítear an fhaisnéis bhreise seo a leanas atá incháilithe lena corprú de réir tagairtí i réamheolairí:

- doiciméid atá formheasta ag údarás inniúil, nó a comhdaíodh le húdarás inniúil, i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] (an 'Treoir maidir le Réamheolairí'). Is é an cuspóir atá ann eisiúintí idirmhalartacha urrús neamhchothromais a éascú, ar urrúis iad a tairgeadh don phobal ar dtús nó a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte faoin Treoir maidir le Réamheolairí[8];
- teimpléid nochta inbhuanaithe roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht i gcomhréir le Rialachán EuGB. Is é an cuspóir atá ann é a dhéanamh níos éasca na teimpléid nochta roghnacha sin a úsáid, agus ar an gcaoi sin solúbthacht a thabhairt d'eisitheoirí agus an próiseas eisiúna a chuíchóiriú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

### 2.1. Comhairliúcháin faoin nuashonrú ar an liosta meiteashonraí le haghaidh aicmiú réamheolairí

Rinne ESMA comhairliúchán poiblí[9] maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála a bhaineann le nuashonrú an liosta meiteashonraí chun réamheolairí a aicmiú a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979. Bhí sé sin mar chuid de chomhairliúchán níos leithne maidir leis an gcomhairle theicniúil a d'iarr an Coimisiún Eorpach maidir leis an bhformáid chaighdeánaithe agus an seicheamh caighdeánaithe, ábhar an réamheolaire agus an doiciméad clárúcháin uilíoch, agus grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire. Bhí an comhairliúchán ar siúl ón 28 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2024. D'aontaigh na freagróirí uile le tograí ESMA, cé is moite de líon beag cásanna nár cuireadh aon tuairim in iúl.

Ar an iomlán, d'fhreagair líon beag páirtithe leasmhara na ceisteanna maidir le nuashonrú an liosta meiteashonraí a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979:

- d'aontaigh na cúig pháirtí leasmhara uile a d'fhreagair an cheist ábhartha leis an togra ó ESMA chun an liosta meiteashonraí atá ann cheana a leasú chun freastal ar na cineálacha nua réamheolairí a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809. Thacaigh an Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí freisin le húsáid meiteashonraí a mhéadú;
- d'aontaigh na trí pháirtí leasmhara uile a d'fhreagair an cheist ábhartha leis an togra ó ESMA chun meiteashonraí a éileamh chun na hurrúis a cháilíonn mar EuGBanna a shainaithint;

---

7 Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/71/oj).

8 Cé gurbh ann don fhéidearthacht sin cheana faoin Rialachán maidir le Réamheolairí, d'fhéadfadh éiginnteacht a bheith mar thoradh ar na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809, lena mbaintear an tagairt don Treoir maidir le Réamheolairí chun an téacs reachtach in Airteagal 19(1) a chuíchóiriú, i dtaobh an féidir doiciméid a fhoilsítear faoin Treoir maidir le Réamheolairí a chorprú fós de réir tagairtí i réamheolairí.

9 Páipéar Comhairliúcháin i dtaca le dréachtchomhairle theicniúil a bhaineann leis an Rialachán maidir le Réamheolairí agus i dtaca le nuashonrú a dhéanamh ar an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí (ESMA32-117195963-1276), an 28 Deireadh Fómhair 2024, le fáil ag: https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/2024-10/ESMA32-117195963-1276_CP_Listing_Act_Advice_-_Prospectus.pdf.

- d’aontaigh na ceithre pháirtí leasmhara uile a d’fhreagair an cheist ábhartha leis an togra ó ESMA chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas d’údaráis inniúla náisiúnta chun faisnéis a chur faoi bhráid ESAP tríd an gClár Réamheolairí;
- maidir le hathruithe eile ar liosta na meiteashonraí a mhol ESMA, agus cé acu a chuirfeadh nó nach gcuirfeadh na hathruithe sin ualach breise míréasúnta ar eisitheoirí, d’aontaigh dhá pháirtí leasmhara leis an togra ó ESMA agus níor chuir páirtí leasmhar amháin tuairim in iúl.

**2.2. Comhairliúchán faoi liosta nuashonraithe na faisnéise atá le corprú de réir tagairtí**

Chinn ESMA gan comhairliúchán ar leithligh a dhéanamh faoi na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a bhaineann le faisnéis bhreise a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí. Mheas sé go mbeadh ualach díréireach ag baint leis sin ós rud é nach bhfuil ach dhá chineál doiciméid á gcur leis an liosta atá incháilithe don chorprú sin:

- Thug ESMA faoi deara nach raibh aon fhadhb ann san am atá thart maidir le doiciméid arna bhformheas ag údarás inniúil náisiúnta nó arna gcomhdú le húdarás inniúil náisiúnta faoin Treoir maidir le Réamheolairí a chorprú, agus nach raibh aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go raibh aon athrú ann. Thairis sin, má chumasaítear an rogha seo feabhsófar an rochtain atá ag eisitheoirí ar mhargaí poiblí;
- sa chomhairliúchán faoi chomhairle theicniúil ESMA maidir le réamheolairí agus sa nuashonrú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 maidir le meiteashonraí, áiríodh ceist faoi chorprú teimpléad nochta inbhuanaithe roghnach de réir tagairtí a cheadú le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht. Thacaigh beagnach gach freagróir, lena n-áirítear an Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí, le tograí ESMA. Bhí comhaontú beagnach d’aon toil ann nach bhforchuirfí costais bhreise ná ualaí breise ar eisitheoirí dá gceadófaí corprú de réir tagairtí den sórt sin. Chuir freagróirí i dtábhacht go soláthraítear solúbthacht leis an gcur chuige sin agus go ndéantar an próiseas eisiúna a chuíchóiriú leis.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar síos le hAirteagal 1 na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 mar a leanas:

- Le hAirteagal 1(1) tugtar isteach Airteagal 11a nua chun go bhféadfar an Clár Réamheolairí a úsáid chun faisnéis a chur faoi bhráid ESAP, agus tugtar isteach Airteagal 11b nua chun doiciméid a aicmiú chun urrúis idirmhalartacha a dhíolmhú chun críoch na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal 47(3) den Rialachán maidir le Réamheolairí;
- Le hAirteagal 1(2) leasaítear Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 chun a cheangal go soláthrófar na meiteashonraí tionlacain dá dtagraítear sna hAirteagail 11a agus 11b nua den Rialachán Tarmligthe sin i bhformáid XML choiteann;
- Le hAirteagal 1(3) tugtar isteach caibidil nua i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 chun go bhféadfar na nithe seo a leanas a chorprú de réir tagairtí: (i) doiciméid atá formheasta ag údarás inniúil, nó a comhdaíodh le húdarás inniúil, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Réamheolairí; agus (ii) nochtaí réamheisiúna d’eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht, dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán EuGB

- Le hAirteagal 1(4) cuirtear iarscríbhinn athbhreithnithe ina bhfuil liosta nuashonraithe na meiteashonraí in ionad Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979.

Luaitear in Airteagal 2 an uair a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm agus an uair a chuirfear chun feidhme é.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.2.2026**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a mhéid a bhaineann le liosta na sonraí is gá chun réamheolairí a aicmiú agus liosta na faisnéise is féidir a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí a thabhairt cothrom le dáta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE[10], agus go háirithe Airteagail 19(4), 21(13) agus 25(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar chuid de thionscnamh an Ghnímh um Liostú, a bhfuil sé d’aidhm aige margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus rochtain ar chaipiteal a éascú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] dhá chineál nua réamheolairí gearrfhoirme arb é is aidhm dóibh costais agus ualaí ar eisitheoirí a laghdú: an Réamheolaire eisiúna fáis AE, atá ceaptha go príomha do FBManna agus do chuideachtaí atá liostaithe nó atá le liostú ar mhargaí fáis FBManna, agus an Réamheolaire leantach AE, le haghaidh eisiúintí tánaisteacha urrús ag cuideachtaí atá liostaithe cheana féin ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna. Tá na réamheolairí nua sin le cur faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus le foilsiú tríd an gcóras stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129. Dá réir sin, ba cheart an liosta de na sonraí meaisín-inléite a sholáthraíonn údaráis inniúla do ESMA, a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 ón gCoimisiún[12], a thabhairt cothrom le dáta chun na réamheolairí sin a chuimsiú.

---

[10] IO L 168, 30.6.2017, lch. 12.

[11] Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2024/2809, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2809/oj).

[12] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le faisnéis airgeadais bhunriachtanach san achoimre ar réamheolaire, foilsiú agus aicmiú réamheolairí, fógraí le haghaidh urrús, forlíontaí ar réamheolaire, agus an tairseach fógartha, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 382/2014 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/301 ón gCoimisiún (IO L 166, 21.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/979/oj).

(2) De bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], eisitheoirí a eisíonn bannaí atá le hainmniú mar Bhannaí Glasa Eorpacha ('EuGBanna'), foilseoidh siad réamheolaire i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1129. Tá réamheolairí den sórt sin le cuimsiú sa chóras stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar údaráis inniúla sonraí meaisín-inléite a sholáthar do ESMA lena léirítear (i) cé na hurrúis a cháilíonn mar EuGBanna nó mar bhannaí urrúsúcháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(22) de Rialachán (AE) 2023/2631, nuair a ainmnítear iad mar EuGBanna, agus (ii) cé na hurrúis a cháilíonn mar bhannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), den Rialachán sin, nó mar bhannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), den Rialachán sin i gcás ina ndéanann eisitheoirí na mbannaí sin nochtaí deonacha de bhun Airteagal 20 den Rialachán sin. Ba cheart liosta na meiteashonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/2809 tugadh isteach ceanglas ar eisitheoirí na doiciméid díolúine dá dtagraítear in Airteagal 1(4), an chéad fhomhír, pointí (da) agus (db), agus in Airteagal 1(5), an chéad fhomhír, pointe (ba), de Rialachán (AE) 2017/1129, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/2809, a chomhdú lena n-údaráis inniúla. Tugadh isteach leis freisin ceanglas ar ESMA anailís agus staidreamh a chuimsiú ina thuarascáil bhliantúil arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2017/1129 i ndáil lena mhéid a úsáidtear díolúintí den sórt sin ar fud an Aontais. Chun an t-ualach ar údaráis inniúla a íoslaghdú, ba cheart dóibh a bheith in ann na doiciméid sin a chur faoi bhráid ESMA tríd an gcóras stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129. Ba cheart a chuimsiú san aighneacht sin na meiteashonraí lena gcuirtear ar a chumas do ESMA staidreamh den sórt sin a ullmhú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe sin a léiriú, lena n-áirítear liosta na meiteashonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(4) Le hAirteagal 21a de Rialachán (AE) 2017/1129 ceanglaítear ar údaráis inniúla tógáil, a mhéid is féidir, ar na sásraí a chuirtear chun feidhme chun críocha Airteagal 25(6) den Rialachán sin chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) de a dhéanamh inrochtana ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP). Chun an t-ualach comhlíontachta ar údaráis inniúla agus ar eisitheoirí araon a íoslaghdú, féadfar an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) de Rialachán (AE) 2017/1129 a dhéanamh inrochtana ar ESAP a chomhlíonadh tríd an bhfaisnéis sin a chur ar fáil do ESMA tríd an tairseach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 25(6) den Rialachán sin. Tá an tairseach fógartha le húsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2017/1129 a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán sin chomh maith le haon fhaisnéis bhreise a cheanglaítear le hAirteagal 21a den Rialachán sin nach bhfuil faoi raon feidhme an chórais stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 faoi láthair, mar aon leis na meiteashonraí ábhartha. Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe sin a léiriú.

---

[13] Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).

(5) Tá gá le tuilleadh leasuithe ar na sonraí meaisín-inléite ar féidir iad a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beaga arna sainaithint ag ESMA. Baineann na leasuithe sin le réimse sonraí nua a chur isteach agus le hathruithe ar an bhfaisnéis atá le cuimsiú i réimsí sonraí. Ba cheart liosta na meiteashonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(6) Baineadh tagairt do Threoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] d'Airteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/1129. De dheasca an athraithe sin, níorbh fhéidir doiciméid atá formheasta ag údarás inniúil, nó a comhdaíodh le húdarás inniúil i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE, a chorprú de réir tagairtí a thuilleadh. Bhí tionchar aige sin ar eisiúintí idirmhalartacha urrús neamhchothromais a tairgeadh don phobal ar dtús nó a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte faoi Threoir 2003/71/CE, ós rud é gur corpraíodh téarmaí agus coinníollacha na n-urrús sin de ghnáth de réir tagairtí sa réamheolaire arna fhormheas faoi Rialachán (AE) 2017/1129. Chun méadú ar ualach riaracháin na n-eisitheoirí a sheachaint, is gá liosta a leagan síos de dhoiciméid bhreise a fhéadfar a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí, thar na doiciméid sin a liostaítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2017/1129. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí doiciméid a chuimsiú atá formheasta ag údarás inniúil, nó a comhdaíodh le húdarás inniúil, i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE, chun na ceanglais atá ann cheana a choinneáil ar bun agus chun dúbláil faisnéise a nochtadh agus a foilsíodh cheana faoi dhlí eile de chuid an Aontais a sheachaint.

(7) Le Rialachán (AE) 2023/2631, tugadh isteach teimpléid nochta inbhuanaithe roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht chun comparáid a éascú agus chun aghaidh a thabhairt ar an snas glas. Chun dreasacht a thabhairt d'eisitheoirí na teimpléid nochta réamheisiúna roghnacha sin a úsáid, is gá iad a chur le liosta na ndoiciméad breise a fhéadfar a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí. Laghdódh sé sin na costais a bhaineann leis na nochtaí breise maidir leis na gnéithe d'urrúis a bhaineann le CSR a tharraingt suas agus chuideodh sé le hualaí ar eisitheoirí a bhfuil réamheolaire á tharraingt suas acu a íoslaghdú, i gcomhréir leis na cuspóirí chun an t-ualach rialála agus na costais ar chuideachtaí a laghdú, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga, a bhaineann leis an bpróiseas liostaithe.

(8) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin atá an Rialachán seo bunaithe. Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. Níor reáchtáil ESMA comhairliúchán agus anailís

14 Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/71/oj).

15 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

phoiblí oscailte ar leithligh i ndáil leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le doiciméid bhreise a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí, ós rud é go bhfuil ualach díréireach ag baint leis, i bhfianaise raon feidhme teoranta agus thionchar teoranta na n-athruithe atá beartaithe. I ndáil le doiciméid nochta réamheisiúna roghnacha a chorprú de réir tagairtí faoi Rialachán (AE) 2023/2631, bhailigh ESMA aiseolas ó pháirtithe leasmhara ina Pháipéar Comhairliúcháin i dtaca le dréachtchomhairle theicniúil a bhaineann leis an Rialachán maidir le Réamheolairí agus i dtaca leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí[16] a thabhairt cothrom le dáta, agus thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara leis an togra ó ESMA.

(9) Chun an t-ualach ar údaráis inniúla agus ar eisitheoirí a íoslaghdú, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 21a de Rialachán (AE) 2017/1129. Déantar an ailíniú sin chun úsáid na tairsí fógartha arna mbunú in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 a chumasú chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 21a(1) den Rialachán sin inrochtana ar ESAP.

(10) Tá na forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo nasctha go substaintiúil lena chéile, ós rud é go leasaítear leo an Rialachán Tarmligthe céanna agus go mbaineann siad den chuid is mó leis na cineálacha nua réamheolairí nó le cineál na faisnéise a chuimsítear iontu, ar bhonn éigeantach nó ar bhonn deonach, mar thoradh ar na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979**

(1) Cuirtear na hAirteagail 11a agus 11b seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 11a*

**Faisnéis inrochtana ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach**

Chun críocha Airteagal 21a de Rialachán (AE) 2017/1129, féadfaidh údaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) a dhéanamh inrochtana ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP) trí chóip leictreonach den fhaisnéis sin agus na sonraí is gá chun í a aicmiú sa chóras stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 a sholáthar do ESMA tríd an tairseach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 25(6) den Rialachán sin, i gcomhréir leis na táblaí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 11b*

**Cóip leictreonach de dhoiciméid díolúine**

Féadfaidh údaráis inniúla cóip leictreonach de na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 1(4), pointí (da) agus (db), agus Airteagal 1(5), pointe (ba), de Rialachán (AE) 2017/1129 a sholáthar do ESMA tríd an tairseach fógartha dá

[16] Páipéar Comhairliúcháin an 28 Deireadh Fómhair 2024 i dtaca le dréachtchomhairle theicniúil a bhaineann leis an Rialachán maidir le Réamheolairí agus i dtaca leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí a thabhairt cothrom le dáta (ESMA32-117195963-1276), atá le fáil ag: https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/2024-10/ESMA32-117195963-1276_CP_Listing_Act_Advice_-_Prospectus.pdf.

dtagraítear in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 le haghaidh na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal 47(3), pointe (a), den Rialachán sin.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'*Airteagal 12*

**Socruithe praiticiúla chun meaisín-inléiteacht na sonraí a áirithiú**

Soláthróidh an t-údarás inniúil na sonraí tionlacain dá dtagraítear in Airteagail 11, 11a agus 11b i bhformáid XML choiteann agus i gcomhréir leis an bhformáid agus leis na caighdeáin a leagtar amach sna táblaí in Iarscríbhinn VII.';

(3) cuirtear isteach an Chaibidil VIa seo a leanas:

'CAIBIDIL VIa

**DOICIMÉID LENA gCORPRÚ DE RÉIR TAGAIRTÍ I RÉAMHEOLAIRE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 19 DE RIALACHÁN (AE) 2017/1129**

*Airteagal 21a*

De bhreis ar na doiciméid a leagtar amach in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2017/1129, féadfar na doiciméid seo a leanas a chorprú de réir tagairtí i réamheolaire:

(a) doiciméid atá formheasta ag údarás inniúil, nó a comhdaíodh le húdarás inniúil, i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE;

(b) nochtaí réamheisiúna d'eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/2631.';

(4) Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (1), (2), agus (4), áfach, ón 10 Iúil 2026 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.2.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*